Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/493

12.3.2025

**CINNEADH (AE) 2025/493 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 5 Márta 2025**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 68ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1), i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972 ('an Coinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha') ([1]), i bhfeidhm an 8 Lúnasa 1975.

(2) De bhun Airteagal 3 den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, féadfaidh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a chinneadh substaintí a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Nuair a thugann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) fógra don Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha substaintí a chur leis na Sceidil, ní féidir leis an gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha athruithe a dhéanamh ar na Sceidil ach amháin i gcomhréir leis an bhfógra sin ó EDS, ach is féidir leis cinneadh a dhéanamh freisin gan na hathruithe arna bhfógairt amhlaidh a dhéanamh.

(3) Tháinig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 ('an Coinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha') ([2]) i bhfeidhm an 16 Lúnasa 1976.

(4) De bhun Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, féadfaidh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a chinneadh substaintí a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin nó iad a bhaint díobh. Tá cumhachtaí lánroghnacha leathana aige moltaí EDS, mar aon le tosca eacnamaíocha, sóisialta, dlíthiúla, riaracháin agus eile, a chur san áireamh, ach níl sé de chumhacht ag an gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha gníomhú go treallach.

(5) Bíonn iarmhairtí díreacha ag athruithe ar na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha ar raon feidhme chur i bhfeidhm dhlí an Aontais i réimse an rialaithe drugaí. Tá feidhm ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle ([3]) maidir le substaintí a liostaítear sna Sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin. Dá bhrí sin, déantar aon athrú ar na Sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin a ionchorprú go díreach i rialacha comhchoiteanna de chuid an Aontais.

(6) Le linn an 68ú seisiún dá chuid atá pleanáilte don 10 go dtí an 14 Márta 2025 i Vín, tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha le cinneadh a dhéanamh maidir le 6 shubstaint nua a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(7) Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha ná sa Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha. Tá stádas breathnóra gan cearta vótála ag an Aontas sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha; is comhaltaí den Choimisiún iad 13 cheann de na Ballstáit ([4]) a bhfuil ceart vótála acu i mí an Mhárta 2025. Is gá don Chomhairle údarú a thabhairt do na Ballstáit sin seasamh an Aontais a chur in iúl maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin siúd, ós rud é gur faoi inniúlacht an Aontais a thagann cinntí maidir le substaintí nua a chur leis na Sceidil.

(8) Mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ceithre shubstaint nua a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, substaint nua amháin a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, agus substaint nua amháin a chur le Sceideal IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(9) Gach substaint a d'athbhreithnigh Coiste Saineolaithe EDS ar Spleáchas ar Dhrugaí agus a mhol EDS a sceidealú, déanann Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) faireachán orthu mar shubstaintí sícighníomhacha nua faoi Rialachán (AE) 2023/1322 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

---

([1]) Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe, Iml. 978, Uimh. 14152.

([2]) Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe, Iml. 1019, Uimh. 14956.

([3]) Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2004/757/oj).

([4]) An Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Fhionlainn.

([5]) Rialachán (AE) 2023/1322 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 maidir le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 (IO L 166, 30.6.2023, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1322/oj).

(10) De réir mheasúnú ECDD, maidir le prótainíotaisipín (ainm IUPAC: 5-nítrea-2-[(4-própocsaifeinil) meitil]-1-(2-piorólaidín-1-ileitil)beinsimíodasól), is ópóideach shintéiseach é i bhfine na n-analóg níotaiséine. Ní dhearna an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte athbhreithniú foirmiúil ar phrótainíotaisipín roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag prótainíotaisipín ná aon údarú margaíochta. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as an bprótainíotaisipín, nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti, agus gur féidir í a bheith ina fadhb sláinte poiblí agus ina fadhb shóisialta, rud a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go liostófaí prótainíotaisipín i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(11) Braitheadh prótainíotaisipín i sé Bhallstát agus rialaítear é in dhá Bhallstát ar a laghad. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag EUDA ar phrótainíotaisipín. Tá Ballstát amháin tar éis 74 nimhiú géar a thuairisciú a bhfuil amhras ann ina leith maidir le teagmháil le prótainíotaisipín.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas tacú le prótainíotaisipín a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(13) De réir mheasúnú ECDD, maidir le meatainíotaisipín (ainm IUPAC: 2-[(4-meatocsaifeinil) meitil]-5-nítri-1-(2-piorólaidín-1-ileitil)-1*H*-beinsimíodasól), is ópóideach shintéiseach é i bhfine na n-analóg níotaiséine. Ní dhearna an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte athbhreithniú foirmiúil ar mheatainíotaisipín roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag meatainíotaisipín ná aon údarú margaíochta. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as meatainíotaisipín, nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti, agus gur féidir í a bheith ina fadhb sláinte poiblí agus ina fadhb shóisialta, rud a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go liostófaí meatainíotaisipín i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(14) Braitheadh meatainíotaisipín i gceithre Bhallstát agus rialaítear í in dhá Bhallstát ar a laghad. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag EUDA ar mheatainíotaisipín.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas tacú le meatainíotaisipín a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(16) De réir mheasúnú ECDD, maidir le heatainíotaispipéin (ainm IUPAC: 2-[(4-eatocsaifeinil) meitil]-5-nítri-1-(2-pipiridín-1-ileitil)-1*H*-beinsimíodasól), tá sé ar cheann de roinnt ópóidigh sintéiseacha 2-beinsilbeinsimíodasóil, ar a dtugtar 'níotaiséiní' i dteannta a chéile. Ní dhearna an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte athbhreithniú foirmiúil ar eatainíotaispipéin roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag eatainíotaispipéin ná aon údarú margaíochta. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as eatainíotaispipéin, nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti, agus gur féidir í a bheith ina fadhb sláinte poiblí agus ina fadhb shóisialta, rud a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go liostófaí eatainíotaispipéin i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(17) Braitheadh eatainíotaispipéin i gcúig Bhallstát agus rialaítear é i sé Bhallstát ar a laghad. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag EUDA ar eatainíotaispipéin. Tá trí Bhallstát tar éis dhá bhás agus nimhiú géar amháin a thuairisciú lenar bhain teagmháil dheimhnithe le heatainíotaispipéin.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas tacú le heatainíotaispipéin a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(19) De réir mheasúnú ECDD, maidir le hiseatainíotaiséin *N*-deiseitile (ainm IUPAC: *N*-eitil-2-[2-[(4-iseaprópocsaifeinil) meitil]-5-nítri-beinsimíodasól-1-il]eatánaimín), is ópóideach shintéiseach é a dhíorthaítear ó bheinsimíodasól agus a bhfuil struchtúr ceimiceach agus cosúlachtaí cógaseolaíocha aige le drugaí faoi Sceideal I a ghabhann le Coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe 1961, amhail iseatainíotaiséin, agus is meitibilít iseatainíotaiséine é. Ní dhearna an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte athbhreithniú foirmiúil ar iseatainíotaiséin *N*-deiseitile roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag iseatainíotaiséin *N*-deiseitile ná aon údarú margaíochta. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as an iseatainíotaiséin *N*-deiseitile, nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti, agus gur féidir í a bheith ina fadhb sláinte poiblí agus ina fadhb shóisialta, rud a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go liostófaí iseatainíotaiséin *N*-deiseitile i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(20) Braitheadh iseatainíotaiséin *N*-deiseitile in dhá Bhallstát agus rialaítear í in dhá Bhallstát ar a laghad. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag EUDA ar iseatainíotaiséin *N*-deiseitile. Tá Ballstát amháin tar éis dhá bhás a thuairisciú inar deimhníodh nochtadh do iseatainíotaiséin *N*-deiseitile.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas tacú le hiseatainíotaiséin *N*-deiseitile a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(22) De réir mheasúnú ECDD, maidir le heicsihidreacannaibionól (HHC) (ainm IUPAC: 6a,7,8,9,10,10a-heicsihidri-6,6,9-trímheitil-3-peintil-6*H*-dhébheinsi[*b*,*d*]pioran-1-ól), is cannaibionóideach leathshintéiseach é a shintéisítear go coitianta ó cannaibidé-ól mar réamhtheachtaí. Ní dhearna an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte athbhreithniú foirmiúil ar heicsihidreacannaibionól roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag heicsihidreacannaibionól ná aon údarú margaíochta. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á

baint as heicsihidreacannaibionól, nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as, agus gur féidir é a bheith ina fhadhb shláinte poiblí agus ina fhadhb shóisialta, rud a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go liostófaí heicsihidreacannaibionól i Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(23) Braitheadh heicsihidreacannaibionól in 25 Bhallstát agus rialaítear é in 20 Ballstát ar a laghad. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag EUDA ar heicsihidreacannaibionól. Tá dhá Bhallstát tar éis ceithre chás de nimhiú géar a thuairisciú lenar bhain teagmháil dheimhnithe le heicsihidreacannaibionól. Tá dhá Bhallstát tar éis seacht gcás de nimhiú géar a thuairisciú lenar bhain teagmháil fhéideartha le heicsihidreacannaibionól. Tá trí Bhallstát tar éis sé chás de nimhiú géar a thuairisciú lenar bhain teagmháil amhrasta le heicsihidreacannaibionól.

(24) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas tacú le heicsihidreacannaibionól a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(25) De réir mheasúnú ECDD, maidir le Cairiseapródól (ainm IUPAC: (2RS)-2-[(carbamólocsa)meitil]-2-meitilpeintil (1-meitileitil)carbamáit), is ligeán matánach a ghníomhaíonn go lárnach é a úsáidtear sa ghearrthéarma mar aguisín le cóireáil shiomptómach ar neamhoird mhatánchnámharlaigh ghéara a bhaineann le freanga matáin phianmhar. D'fhéadfadh baint a bheith ag an bhféidearthacht go mbainfí mí-úsáid as cairiseapródól lena éifeachtaí támhach agus lena chumas éifeachtaí substaintí eile a mhéadú. Dá bhrí sin, is féidir éifeachtaí támhacha cairiseapródóil a threisiú nuair a dhéantar é a mheascadh le beinsidhé-asaipíní, ópóidigh nó alcól. Is féidir spleáchas a bheith mar thoradh ar úsáid fhada nó iomarcach chairiseapródóil. Féadfar cairiseapródól a atreorú ó bhealaí dlisteanacha leighis agus dul isteach sa mhargadh aindleathach le díol gan maoirseacht leighis chuí, rud a mhéadaíonn mí-úsáid fhéideartha agus iarmhairtí díobhálacha. Rinneadh cairiseapródól a réamh-athbhreithniú in 2001 ag an 32ú cruinniú den Choiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí. Níor mhol an Coiste athbhreithniú criticiúil ar chairiseapródól ag an am sin. Rinneadh cairiseapródól a chur i láthair, a phlé agus a réamh-athbhreithniú a thuilleadh in 2023 ag an 46ú cruinniú den Choiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí, áit ar moladh dul ar aghaidh chuig athbhreithniú criticiúil. Is cógas ar oideas é cairiseapródól agus is cosúil gur druga ceadúnaithe é i roinnt tíortha agus críocha. Mar sin féin, ní bhaintear úsáid leighis as a thuilleadh san Eoraip ós rud é gur chuir Coiste na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí um Tháirgí Íocshláinte lena nÚsáid ag an Duine gach údarú margaíochta le haghaidh cairiseapródóil ar fionraí ar fud na hEorpa. Ní heol aon úsáid thionsclaíoch ag cairiseapródól. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as cairiseapródól, nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as, agus gur féidir é a bheith ina fhadhb sláinte poiblí agus ina fhadhb shóisialta, rud a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go liostófaí cairiseapródól i Sceideal IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(26) Braitheadh cairiseapródól in dhá Bhallstát. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag EUDA ar cairiseapródól. Tá Ballstát amháin tar éis dhá bhás a thuairisciú inar deimhníodh nochtadh do chairiseapródól.

(27) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas tacú le cairiseapródól a chur le Sceideal IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(28) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a shuí, mar beidh na cinntí maidir le na sé shubstaint thuasluaite a liostú in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, mar atá, eadhon raon feidhme Chinneadh Réime 2004/757/CGB.

(29) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

(30) Tá an Danmhairg faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB, agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(31) Tá Éire faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB, agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 68ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ón 10 go dtí an 14 Márta 2025, nuair a iarrfar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh maidir le substaintí a chur leis na sceidil a ghabhann le Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961 arna leasú le Prótacal 1972, agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971.

*Airteagal 2*

Na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, cuirfidh siad in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. SIEMONIAK

*IARSCRÍBHINN*

An seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, chun leas an Aontais le linn an 68ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha atá beartaithe a bheith ar siúl ón 10 go dtí an 14 Márta 2025 maidir le hathruithe ar raon feidhme rialaithe na substaintí:

(1) Tá *N*-piorólaidínea-prótainíotaiséin (prótainíotaisipín) le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha (ainm IUPAC: 5-nítrea-2-[(4-própocsaifeinil)meitil]-1-(2-piorólaidín-1-eitil)beinsimíodasól).

(2) Tá *N*-piorólaidínea-meatainíotaiséin (meatainíotaisipín) le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha (ainm IUPAC: 2-[(4-meatocsaifeinil)meitil]-5-nítri-1-(2-piorólaidín-1-ileitil)-1*H*-beinsimíodasól).

(3) Tá eatainíotaispipéin (eatainíotaiséin *N*-Pipiridínile) le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha (ainm IUPAC: 2-(4-eatocsaifeinil)meitil]-5-nítri-1-1-(2-pipiridín-1-ileitil)-1H-beinsimíodasól).

(4) Tá iseatainíotaiséin *N*-deiseitile le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha (ainm IUPAC: *N*-eitil-2-[2-[(4-iseaprópocsaifeinil)meitil]-5-nítri-beinsimíodasól-1-il]eatánaimín).

(5) Tá heicseaihidreacannaibionól le cur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha (ainm IUPAC: 6a,7,8,9,10,10a-heicsihidri-6,6,9-trímheitil-3-peintil-6*H*-dhébheinsi[b,d]pioran-1-ól).

(6) Tá cairiseaprpódól le cur le Sceideal IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha (ainm IUPAC: (2RS)-2-[(carbamólocsa)meitil]-2-meitilpeintil(1-meitileitil)carbamáit).